Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2026
(OR. en)

7702/26

LIMITE

CORLX 312
CFSP/PESC 444
EPF AM 30
FIN 471
COAFR 82
ACP 30
COPS 169
POLMIL 138

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022-2024 |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022-2024**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/667[1] lenar bunaíodh beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 ('an beart cúnaimh'). Leis an mbeart cúnaimh, cumasaítear maoiniú gníomhaíochtaí atá mar thaca leis an Aontas Afracach arna bhformheas ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála faoin 31 Nollaig 2025.

(2) An méid tagartha airgeadais a bhí beartaithe chun caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach, níor slógadh go hiomlán é faoin 31 Nollaig 2025.

(3) I bhfianaise na riachtanas leanúnach, chuir an tAontas Afracach in iúl gur spéis leis leanúint de thairbhe a bhaint as an mbeart cúnaimh.

(4) Chun an tacaíocht don Aontas Afracach a uasmhéadú, ba cheart go maoineofaí leis an mbeart cúnaimh gníomhaíochtaí a bheidh le formheas ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála faoin 30 Aibreán 2026.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/667 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle an 21 Aibreán 2022 maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 (IO L 121, 22.4.2022, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/667/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2022/667, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Leis seo, bunaítear beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach, atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána ('an Beart Cúnaimh'). Leis an mBeart Cúnaimh, maoineofar gníomhaíochtaí arna bhformheas ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála faoin 30 Aibreán 2026.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC